



## Fáilteoir agus Riarthóir Post ar Chonradh

Tá folúntas ag Údarás na Gaeltachta ar bhunús conradh bliana do dhuine cumasach i gcúrsaí riaracháin, rúnaíochta agus fáiltithe le líofacht Ghaeilge le hoibriú in Oifig an Údaráis sna Doirí Beaga, Co. Dhún na nGall, ar bhunús conartha sainchuspóra.

Beifear ag súil go mbeidh an té a cheapfar cumasach agus muiníneach agus go mbeidh sé/sí in ann a léiriú go bhfuil scileanna maithe eagrúcháin aige / aici agus gur féidir leis / léi oibriú go héifeachtach le daoine eile.

Beidh na tréithe / na scileanna a leanas ag an té a cheapfar sa phost:

- Scil sa chumarsáid agus in ann oibriú go neamhspleách agus mar chuid d'fhoireann araon,
- Sárchaighdeán Gaeilge agus Béarla, idir labhartha agus scríofa,
- Sárscileanna riaracháin,
- Ardchumas scileanna ríomhaireachta,
- Tuigbheáil leathan ar obair na heagraíochta agus ar chúrsaí forbartha Gaeltachta.

### Dualgais

- An oifig fháiltithe a láimhseáil de réir riachtanais, an malartán a bhainistiú, an postas agus fiosrúcháin fóin & ríomhphoist a láimhseáil.
- Seirbhís eolais a sholáthar don phobal de réir riachtanais.
- Tacaíocht riaracháin a thabhairt d'fhoireann na hoifige mar aon le fáiltiú roimh chuairteoirí agus cruinnithe a shocrú.
- Aon dualgas eile a leagtar síos ó am go ham

Tá tuarastal ar scála pá Oifigeach Cléireachais na Státseirbhíse €27,131 - €44,114. Beidh an té a cheapfar lonnaithe in Oifig an Údaráis sna Doirí Beaga, Co. Dhún na nGall.

Seol iarratas, mar aon le CV i nGaeilge, roimh an **4in Dé hAoine an 14 Aibreán 2023** chuig [foluntais@udas.ie](mailto:foluntais@udas.ie)

*Is fostaitheoir comhionannais é Údarás na Gaeltachta  
agus is í an Ghaeilge a theanga oibre.*